☸An Lúibín☸

30 Meitheamh 2008

Lá Nua nua
The Irish-language paper Lá Nua*, available (like* Foinse*) to Gaeilgeoirí everywhere on the Internet, is asking for help.*

Tá athbhreithniú á déanamh ag Foras na Gaeilge ar an tacaíocht a thugann sé d'fhoilseacháin nuachta Ghaeilge, rud a bhfuil baint aige lena bhfuil i ndán don nuachtán *Lá Nua*. Ní nach ionadh, tá suim ar leith ag foireann an nuachtáin sa scéal, agus tá siad ag iarraidh ar lucht léite *Lá Nua* seasamh leo agus aighneacht a chur isteach chun an Fhorais.

Faigheann an dá nuachtán Ghaeilge deontas: faigheann *Foinse* (nuachtán seachtainiúil) €322,000 in aghaidh na bliana, agus bhí £197,000 ag dul do *Lá Nua*. Rinne eagarthóir an nuachtáin sin, Dónall Mac Giolla Chóill, liosta de na pointí arbh fhiú aird a thabhairt orthu, agus seo cuid díobh thíos:

- Ciste iomlán de thimpeall €600,000 in aghaidh na bliana a bheith ar fáil
- Caighdeán agus cineál na nuachta
- Spriocmhargaí agus margaíocht
- Roghanna éagsúla – nuachtán seachtainiúil nó laethúil, forlíonadh nó ailt rialta a bheith ann, agus foilsiú idirlín
- Luach an airgid
- An t-ábhar – na spriocghrúpa(í), an saghas alt, mórscéalta nó scéalta faoin nGaeilge amháin a bheith ann
- Díolachán agus dáileadh
- An soláthar is féidir a dhéanamh de réir na hacmhainne atá ann

Táthar ag iarraidh go seolfaí na haighneachtaí chun Foras na Gaeilge, 7 Cearnóg Mhuirfean, Baile Átha Cliath 2, Éire.

Tá níos mó eolais faoin athbhreithiú le fáil ar http://www.gaeilge.ie.

⧫❖⧫❖⧫❖⧫❖⧫

Comhar slán arís
The distinguished Irish-language journal Comhar*, recently in danger of death, is to be re-launched.*

Tá Foras na Gaeilge sásta deontas míosúil a thabhairt don iris *Comhar* arís tar éis conspóide a d'fháig ar seachrán í. Sa bhliain 1942 a bunaíodh í, agus rinne an iris gaisce riamh ó shin ar son litríocht na Gaeilge. Is é Aindrias Ó Cathasaigh an t-eagarthóir nua, iriseoir agus scríbhneoir atá le cloisteáil go minic ar Raidió na Gaeltachta. Rachaidh sé i gceann oibre i Mí Iúil agus tiocfaidh eagrán nua amach i lár mhí Mheán an Fhómhair.

Beidh deontas €7,100 ar fáil gach mí; cuirfidh *Comhar* féin €25,000 isteach agus gheofar an méid céanna ó Fhoras na Gaeilge. Dá bhrí sin is féidir bainisteoir páirtaimsireach a fhostú ar feadh bliana, an mhargaíocht a chur chun cinn agus an iris a athdhearadh.

Dúirt Foras na Gaeilge go raibh siad chun deireadh a chur leis an deontas i ndeireadh na bliana 2007, rud a chuirfeadh deireadh le *Comhar* féin murar thaispeáin daoine go raibh siad

inchurtha leis an ócáid. Cuireadh bord nua ar bun agus cuireadh plean gnó faoi bhráid Fhoras na Gaeilge. Aithníodh nach raibh an iris á scaipeadh mar ba cheart. Beidh aird ar leith á tabhairt ar na coláistí tríú leibhéal feasta, agus bainfear tairbhe as an Idirlíon.

Ba lag an deontas stáit a bhí *Comhar* a fháil riamh, agus b'éigean don bhord stiúrtha a bheith ar a seacht ndícheall dá bharr. Is é an toradh a bhí aire sin le blianta beaga anuas go raibh faillí á déanamh i gcúrsaí gnó, agus gan a ndóthain ama ag daoine chun an obair a chur i gcríoch.

♦❖♦❖♦❖♦❖♦

Gaeilge Mhanchain
The Irish language lives even in Manchester.

Is fada aghaidh na nÉireannach ar Shasana – bhí Gaeilge á labhairt i Londain san 18ú haois, agus tháinig na mílte anall de bharr an Ghorta Mhóir, gan trácht ar ar tháinig ina dhiaidh sin ina mbanaltraí nó 'ar na buildeálacha'. Cailleadh neart Gaeilge i Sasana ach bhí daoine ann riamh agus suim acu inti dá ainneoin sin. Is ábhar suntais, mar sin, an *Clár Samhraidh Ghrúpa Gaeilge Mhanchain*.

Tá ócáidí 'Comhrá' (i nGaeilge amháin) agus 'Club Cuideachta' (i nGaeilge agus Béarla) ag an ngrúpa, agus iad, mar a deir a mana, beag beann ar chineál, ar chine, ar mhíchumas nó ar chreideamh. Tá tuilleadh eolais le fáil ag www.milg.org.uk.

Staonadh Gaeilgeoirí ón ól tráth den saol mar chuid dá ndualgas cultúrtha agus spioradálta, ach a mhalairt de nós atá anois acu i Manchain agus in áiteanna eile, agus an tagairt a dhéantar san fhógra don Lass O'Gowrie, The Jolly Angler, Lloyd's Hotel agus The Union mar bhaill chruinnithe. Is túisce deoch ná scéal.

♦❖♦❖♦❖♦❖♦

Craoltóireacht sa Tuaisceart
Irish-language broadcasters in Northern Ireland have been promised extra money.

Tá ceangal bunreachtúil ar Rialtas na Poblachta an Ghaeilge a neartú, agus rath éigin ar an gcraoltóireacht dá bharr – TG4, Raidió na Gaeltachta agus stáisiúin phobail ar nós Raidió na Life. Níl a leithéid de cheangal bunreachtúil ar na húdaráis i dTuaisceart Éireann, agus Gaeilgeoirí ar a ndícheall ag iarraidh rudaí a réiteach.

Tá de bhuntáiste ag na Gaeilgeoirí úd go bhfuil Ciste Craoltóireachta Gaeilge ann, agus £12 milliún faighte aige ón mbliain 2005 chun go mbeifí in ann 75 uair an chloig sa bhreis de chláir theilifíse Ghaeilge a sholáthar in aghaidh na bliana. Is é an scéal is déanaí go bhfuil Príomh-Aire na Breataine tar éis £6 million (€7.6 milliún) a ghealladh chun go leanfaí den chraoltóireacht Ghaeilge.

Tabharfaidh an scéala is déanaí misneach do lucht déanta clár agus do lucht scannánaíochta, cé gurbh fhearr leo soláthar buan tar éis ar tharla le beagán blianta anuas. Mar a dúirt príomhalt *Lá Nua* ar 18/6/08:

> Thiocfadh an argóint a dhéanamh gur chóir sciar den chapiteal ón cheadúnas teilifise, ó thuaidh agus ó dheas, mar airgead poiblí, a chur ar fáil don chraoltóireacht phoiblí, craoltóireacht i nGaeilge. Tá cás láidir ann chomh maith gur chóir don rialtas ó dheas airgead a chur ar fáil don earnáil, mar go mbíonn daoine sa dá dhlínse, agus i ndlínsí eile, ag baint idir shult agus tairbhe as ábhar a chuirtear ar fáil a bhuíochas don Chiste Craoltóireachta.

♦❖♦❖♦❖♦❖♦

Turas anonn
Irish students can immerse themselves in languages other than Irish.

Deirtear uaireanta gur aisteach na hEorpaigh iad na hÉireannaigh – níl suim acu i dteangacha na Mór-Roinne. Scéal é nach fíor ar fad má chuimhnítear ar a mbíonn de dhaltaí a bhaineann feidhm as na cúrsaí tumoideachais a bhíonn ar fáil sa samhradh in Éirinn. Gearmáinis, Fraincis agus Spáinnis atá i gceist, agus is mairg don té a labhraíonn Béarla ach amháin Dé Domhnaigh. Rabhadh ar dtús, ansin ruaigeadh, agus gan fáil agat ar chúiteamh. Cosnaíonn na cúrsaí seo os cionn €1,000, táille a dhíolann as teagasc, iostas, béilte agus siamsa.

Baintear feidhm as scéimeanna malartaithe ar an dóigh traidisiúnta go fóill. An té nach bhfuil aithne aige ar theaghlach thar lear is féidir leis dul anonn trí eagraíocht ar nós *Apprendre et Vivre*, agus é de bhuntáiste aige go mbeidh sé báite i gcultúr na tíre más olc maith leis é.

Téann daoine óga chun na nGaeltachtaí i gcónaí, agus é de nós acu anois dul ann ar eitleán. Béas é atá ag sárú na sean-nósanna – ní fiú le daoine anois na bóithríní a shiúl siar is aniar. Murab ionann tobar do-ídithe na dteangacha eile, áfach, tá na Gaeltachtaí thar a bheith lag. Is gearr go mbeidh leisce ar Ghaeilgeoirí dul ar lorg comhrá ann. Ceist í seo nach ndearnadh cíoradh uirthi.

⧫❖⧫❖⧫❖⧫❖⧫

An Scoil Gheimhridh
A report from the Irish language weekend in Sydney.

Timpeall ceithre scór a bhí ag an séú Scoil Gheimhridh i mbliana. Í ar siúl idir 6-9 Meitheamh ag an Chevalier Resource Centre i Sydney, agus daoine ann as gach cearn. Bhí siúl réidh fuinniúil faoin ócáid, más fíor.

Chuir Ambasadóir na hÉireann, Máirtín Ó Fainnín, tús leis an Scoil i nGaeilge, agus bhí Anders Ahlqvist, Ollamh an Léinn Cheiltigh, Ollscoil Shydney, ann chun caint a dhéanamh i dtaobh na dteangacha Ceilteacha. Gaeilge 'ghriandóite' na hAstráile ab ábhar do chaint an Dr Val Noone, agus tháinig díospóireacht mhór as.

Idir an dá linn, bhain an slua sult as a raibh ar siúl, agus is dócha go gcasfar a bhformhór ar a chéile arís ag an Scoil Shamhraidh.

Féach *An Fhuinneog Ghaelach* ag www.gaeilgesanastrail.com .

Songs and Stories from the West of Ireland
Scéalta agus Amhráin Aniar

Muiris Ó Scanláin, amhránaí
Greg Hunt, maindilín agus fidil
Mary Kenneally, filíocht agus scéalaíocht

An Club Ceilteach, 320 Sráid na Banríona, Melbourne
Dé Domhnaigh 13 Iúil ag 2:00 pm
Táille $15
Deocha ar fáil ar an ngnáthphraghas

Comórtas drámaíochta don teilifís
An opportunity for scriptwriters and directors to submit scripts for TG4.

Tá an scéim SÍOL ag iarraidh faill a thabhairt do scríbhneoirí nó do stiúrthóirí ar script drámaíochta a scríobh agus a chóiriú ó bhunleagan go dtí leagan craolacháin do TG4. Is féidir le hiarrthóirí dul san iomaíocht i gcomórtas scripte chun áit a fháil i máistir-ranganna ceirde le haghaidh sraith de shé dhráma teilifíse faoi *An Chlann*.

An Modh Iontrála
Ní mór script iomlán 25 nóiméad a chur isteach le d'iarratas, in éineacht le hachoimre aon leathanach agus nótaí ar charachtair. Tá an fhoirm iarratais agus sonraí na scéime ar fáil ar www.siol.ie.

Scéalta

- Scéalta comhaimseartha amháin.
- Carachtair láidre a n-aithneofaí gan dua iad agus a mbeadh cion ag lucht féachana TG4 orthu.
- Scríbhneoireacht bheomhar fhuinniúil.
- Le craoladh tar éis 9.30 san oíche agus scéalta ann a spreagfadh díospóireacht.

Táthar ag súil le saothar dána dúshlánach a bheadh oiriúnach do dhaoine fásta. Déanfar scagadh ar na hiarratais de réir cumas comhrá a scríobh agus bheogacht na gcarachtar, ach is í fuaimint an bhunsmaoinimh an tslat tomhais is tábhtachtaí.

Tá an scéim oscailte do scríbhneoirí Gaeilge ó cheann ceann na tíre – bíodh taithí acu ar a bheith ag scríobh don scáileán nó ná bíodh – agus do stiúrthóirí ar mian leo taithí a fháil ar dhrámaíocht teilifíse.

Roghnófar sé script agus cuirfear bailchríoch orthu le cúnamh eagarthóir scripte. Réiteofar iad mar chuid de dhá cheardlann (scríbhneoireachta agus stiúrthóireachta) a bheidh ar siúl i mí Dheireadh Fómhair 2008 agus i mí na Feabhra '09.

Is é an dáta deiridh a nglacfar le hiarratais an 13 Lúnasa 2008.

Seol iarratais tríd an bpost amháin chuig:
Gréasán na Meán, An Chuasnóg, Baile Ard, Spidéal, Co. na Gaillimhe, Éire.

Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun colger@melbpc.org.au nó chun ColinG.Ryan@ato.gov.au

If you do not want to receive further editions of this newsletter, please send a message accordingly to colger@melbpc.org.au or ColinG.Ryan@ato.gov.au